

Saineolaí um Bainistíocht Sonraí agus Ailtireacht Sonraí

Aonad: Tacaíocht Faireachais agus Freagartha
Tagairt: ECDC/AD/2018/SRS-EDMDA

Tá iarratais á lorg ar an bpost thuasluaite mar Ghníomhaire Sealadach sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

Sainchuntas poist

Beidh an Sealbhóir Poist ag obair i Rannóg na Modhanna Eipidéimeolaíochta (an tAonad Tacaíochta um Fhaireachas agus um Fhreagairt) agus tuairisceoidh sé/sí do Ghrúpcheannaire na Seirbhísí Sonraí Faireachais.

Beidh sé/sí freagrach as na réimsí oibre seo a leanas go háirithe:

- Na bailiúcháin sonraí faireachais a chomhordú, a eagrú agus a thacú ón taobh teicniúil de;
- A chinntiú go ndéanfar cáilíocht sonraí a shainiú, a dhoiciméadú agus a anailísiú go cuí agus go ndéanfar faireachán cuí uirthi;
- Cinntiú go ndéantar na nithe a leanas a chruthú/a fhorbairt agus a chothabháil: na próisis bailíochtaithe sonraí agus glanta sonraí, na sreafaí sonraí na struchtúir sonraí, agus na huirlisí tacaíochta;
- Páirt ghníomhach a ghlacadh i Rialachas Faisnéise (rialachas sonraí) trí ghníomhaíochtaí a chomhordú i réimse na hailtíreachta sonraí, ag cruthú/ag nuashonrú agus ag bainistiú máistirshonraí meiteashonraí agus sonraí tagartha;
- I gcomhar díreach le saineolaithe ábhair agus le saineolaithe sonraí, na samhlacha de shonraí (coincheapúla, loighciúla, fisiciúla) a chruthú/a nuashonrú, mar aon le hiad a chothabháil agus barrfheabhas a chur orthu;
- I gcomhar díreach le forbróirí agus le saineolaithe TF eile, agus le saineolaithe ábhair, bainistiú a dhéanamh ar an ollstór sonraí faireachais agus deimhin a dhéanamh de go bhfuil sé oiriúnach dá fheidhm;
- Comhairle theicniúil agus ailtireachta a sholáthar do na tionscadail anailíse sonraí, lena n-áirítear an tAtlas faireachais ar ghalair thógálacha;
- Feidhmiú mar cheannaire teicniúil sa réimse sonraí (bainistíocht sonraí, ailtireacht sonraí, rialachas sonraí), ag cinntiú go gcuirtear réitigh agus torthaí ar ardchaighdeán chun

feidhme. Nuair is gá, oiliúint um chúrsaí teicniúla maidir le bainistiú sonraí agus rialachas sonraí a sholáthar don ghrúpa Seirbhísí Sonraí Faireachais (agus do chomhghleacaithe teicniúla eile);

- A c(h)ion féin a dhéanamh i ngníomhaíochtaí eile de chuid ECDC ina réimse saineolais féin, de réir mar is gá.

Na cáilíochtaí agus an taithí a theastaíonn

A. Riachtanais fhoirmiúla

Chun bheith i d'iarrthóir incháilithe, ní mór duit sraith ceanglas foirmiúil a chomhlíonadh. Is iad seo a leanas na ceanglais sin:

- Leibhéal oideachais arb ionann é agus cúrsa ollscoile críochnaithe trí bliana ar a laghad, arna fhianú le diplóma¹
- Eolas cuimsitheach ar cheann amháin de theangacha na gComhphobal agus eolas sásúil ar theanga eile de chuid na gComhphobal, a mhéid is gá chun na dualgais a bheidh air/uirthi a chomhlíonadh²;
- A bheith ina náisiúnach de cheann de Ballstáit AE nó de chuid na hIorua, na hÍoslainne nó Lichtinstéin;
- A bheith i dteideal a c(h)eart iomlán mar shaoránach³;
- Aon oibleagáidí a fhorchuirtear leis na dlíthe is infheidhme ar sheirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- Na riachtanais charachtair maidir leis na dualgais atá i gceist a chomhlíonadh; agus
- Bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

B. Critéir roghnúcháin

Tá critéir riachtanacha maidir le taithí ghairmiúil agus tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta sainaitheanta againn mar chritéir cháilitheacha don phost seo. Is iad seo:

Taithí ghairmiúil/eolas gairmiúil:

- Taithí ghairmiúil 5 bliana ar a laghad (tar éis an diplóma a bhaint amach), ar caitheadh 3 bliana ar a laghad di i bpoist a bhaineann leis an sainchuntas poist;
- Taithí dhíreach ar ghníomhaíochtaí bainistíochta sonraí, lena n-áirítear samhaltú, trasfhoirmiú, comhiomlánú agus ríomh sonraí i dtacair sonraí chasta mhóra;

¹ Ní chuirfear san áireamh ach diplómaí agus teastais a bronnadh i mballstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin

² Ina theannta sin, chun bheith incháilithe d'ardú céime trí nós imeachta bliantúil ardú céime, ní mór do bhaill foirne eolas réasúnta a bheith acu ar thríú teanga AE freisin, faoi mar a shonraítear sna Rialacháin Foirne agus na Rialacha Cur Chun Feidhme is infheidhme.

³ Sula gceapfar an t-iarrthóir a n-éiríodh leis/léi, iarrfar air/uirthi teastas ón na póilíní a chur ar fáil a léireoidh nach bhfuil taifead coiriúil aige/aici.

- Taithí ar rialachas sonraí, bainistíocht máistirshonraí/meiteashonraí/sonraí tagartha. B'fhearr í a bheith i réimse na ríomhsheirbhísí sláinte;
- Taithí ar thionscadail cáilíochta sonraí agus anailíse sonraí a chur ar bun agus a chur i gcrích le saineolaithe ábhair, lena n-áirítear tacaíocht úsáideora a sholáthar ar chúrsaí a bhaineann le sonraí;
- Ardeolas ar SQL, T-SQL agus Microsoft SQL Server, ollstóráil sonraí, comhtháthú sonraí/uirlisí ETL, réitigh agus tuairisciú anailíseach (BI);
- Sárchumas Béarla, idir scríofa agus labhartha.

Tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta:

- Dírithe ar obair ardchaighdeán a chur ar fáil, agus ar an tseirbhís;
- An cumas oibriú i gcomhar le daoine eile agus dlúthchaidrimh oibre a fhorbairt;
- Dírithe ar réitigh ghnó a aimsiú (duine atá go maith ag réiteach fadhbanna);
- An cumas oibriú faoi bhrú, freagrachtaí agus ionchais a láimhseáil, agus éilimh a chur in ord tosaíochta;
- Ardscileanna anailíse, dea-eagraithe, dírithe ar mhionsonraí, spéis i réitigh nua.

Ag brath ar an líon iarratas a gheofar, d'fhéadfadh an coiste roghnúcháin riachtanais níos doichte a chur i bhfeidhm laistigh de na critéir roghnúcháin atá luaite thuas, nó critéir bhuntáisteacha ar bith atá liostaithe a chur i bhfeidhm.

Ceapachán agus coinníollacha fostaíochta

Ceapfar an sealbhóir poist de réir gearrliosta a mholfaidh an Coiste Roghnúcháin don Stiúrthóir. Is ar an bhfógra folúntais seo a bheidh an moladh ón gCoiste Roghnúcháin bunaithe. D'fhéadfaí a iarraidh ar iarrthóirí trialacha scríofa a dhéanamh. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go bhféadfaí an togra a chur ar fáil go poiblí agus nach ionann ainm a bheith ar an ngearrliosta agus duine a earcú. Déanfar an gearrliosta iarrthóirí a ullmhú tar éis próiseas roghnúcháin oscailte.

Earcófar an t-iarrthóir a n-éireoidh léis/léi mar Ghníomhaire Sealadach, de bhun airteagal 2f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, go ceann tréimhse cúig bliana. Féadfar an tréimhse sin a athnuachan. Déanfar an ceapachán ag grád **AD 5**.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear le rialacháin foirne AE go gcuirfeadh gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh i gcrích go rathúil.

Le tuilleadh faisnéise a fháil faoi na coinníollacha conarthacha agus oibre, féach Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas:

http://ecdc.europa.eu/en/aboutus/jobs/Documents/Staff_Regulations_2014.pdf

Beidh an post lonnaithe i Stócólm, áit a gcuireann an Lárionad a chuid gníomhaíochtaí i gcrích.

Liosta ionadaithe

D'fhéadfaí liosta ionadaithe a chruthú agus a úsáid chun críche earcaíochta sa chás go dtiocfadh folúntais den chineál céanna chun cinn. Beidh an liosta sin bailí go dtí an 31 Nollaig sa bhliain ina dtiteann an spriocdháta le haghaidh iarratas. Féadfar síneadh ama a chur leis an tréimhse sin.

Nós imeachta chun iarratas a dhéanamh

Chun iarratas a chur isteach, seol iarratas comhlánaithe chuig Recruitment@ecdc.europa.eu, agus tagairt an fholúntais agus do shloinne á lua go soiléir agat i líne ábhair an ríomhphoist.

Chun a chinntiú go mbeidh d'iarratas bailí, ní mór duit gach cuid riachtanach den fhoirm iarratais a chomhlánú. Ba cheart an fhoirm iarratais a chur isteach i bhformáid Word nó PDF. B'fhearr í a bheith comhlánaithe i mBéarla⁴. Measfar aon iarratas neamhiomlán a bheith neamhbhailí.

Is féidir foirm iarratais ECDC a fháil ar ár láithreán gréasáin anseo:

<https://ecdc.europa.eu/en/about-us/work-us/recruitment-process>

Tá an spriocdháta le hiarratais a chur isteach, tuilleadh faisnéise faoi staid an nós imeachta roghnúcháin seo, mar aon le faisnéis thábhachtach faoin bpróiseas earcaíochta, ar fáil ar ár láithreán gréasáin. Is féidir teacht ar an méid sin ach an nasc thuas a úsáid.

Mar gheall ar an líon mór iarratas a fhaightear, ní rachfar i dteagmháil ach le hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

⁴ Rinneadh an fógra folúntais seo a aistriú go gach ceann de 24 theanga oifigiúla AE ón mbunleagan Béarla. Ós rud é gurb é Béarla an phríomhtheanga a úsáidtear in oibríochtaí laethúla na Gníomhaireachta, b'fhearr le ECDC an t-iarratas a fháil i mBéarla.